Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.10894 BC PARTNERS / BAIN CAPITAL / FEDRIGONI)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2022/C 341/04)

1. An 26 Lúnasa 2022, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— BC Partners LLP, ("BC Partners", na Stáit Aontaithe),

— Bain Capital Investors, L.L.C. ("Bain Capital", an Ríocht Aontaithe),

— Fedrigoni S.p.A. ("Fredigoni", an Iodáil), faoi rialú aonair Bain Capital.

Tá sé beartaithe ag BC Partners agus Bain Capital rialú comhpháirteach a fháil ar Fredigoni de réir bhrí Airteagail 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Bainfear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Maidir le BC Partners: gnólacht idirnáisiúnta cothromais phríobháidigh arb é an t-aon ghníomhaíocht a dhéanann sí seirbhísí comhairleacha a sholáthar. Cistí a gcuireann BC Partners comhairle ar fáil ina leith, lena n-áirítear BC Partners Management XI Limited arb é atá ann ciste BC Partners tar éis dó infheistíocht a dhéanamh i Fredigoni, is glan-infheisteoirí airgeadais iad, agus tá a gcuid cuideachtaí punainne gníomhach i seirbhísí airgeadais, cúram sláinte, oideachas, an earnáil thomhaltóra agus an earnáil mhiondíola san Eoraip agus i Meiriceá Thuaidh,

— Maidir le Bain Capital: gnólacht infheistíochta i gcothromas príobháideach a dhéanann infheistíochtaí, trína fine cistí, i gcuideachtaí i roinnt tíortha agus tionscal, lena n-áirítear teicneolaíocht na faisnéise, cúram sláinte, táirgí miondíola agus tomhaltóirí, cumarsáid, seirbhísí airgeadais agus an earnáil thionsclaíochta/mhonaraíochta,

— Maidir le Fredigoni: táirgí páipéir speisialtachta agus ábhair féinghreamaitheacha a mhonarú agus a sholáthar d'fheidhmeanna pacáistithe cruthaitheacha agus só, agus táirgí stáiseanóireachta a mhonarú agus a sholáthar, ar fud an domhain.

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10894 BC PARTNERS / BAIN CAPITAL / FEDRIGONI

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").
([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË